2026/2179

29.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2179 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1455 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1455 ([1]) lenar bunaíodh beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin.

(2) Is gá síneadh 8 mí a chur le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2024/1455 ón 21 Samhain 2026 go dtí an 21 Iúil 2027.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/1455 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh (CBES) 2024/1455

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(4) de Chinneadh (CBES) 2024/1455:

‘4. Mairfidh an beart cúnaimh ar feadh tréimhse 38 mí ó dháta glactha an Chinnidh seo.’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/1455 an 21 Bealtaine 2024 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin (IO L, 2024/1455, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1455/oj).